2024/3127

13.12.2024

# CINNEADH (AE) 2024/3127 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

## an 26 Samhain 2024

## maidir le líon eisiúintí bonn atá le formheas in 2025 (BCE/2024/38)

Tá Bord Feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 128(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2015/2332 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Nollaig 2015 maidir leis an gcreat nós imeachta d'fhormheas líon eisiúintí bonn euro (BCE/2015/43) ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(9) de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá an ceart eisiach ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) líon na mbonn a eisíonn na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu ('Ballstáit an limistéir euro' anseo feasta) a fhormheas.

(2) Chuir an 20 Ballstát limistéir euro faoi bhráid an BCE a n-iarratais ar fhormheas líon na mbonn atá le heisiúint in 2025, arna fhorlíonadh le nótaí míniúcháin ar an modheolaíocht réamhaisnéise. Chuir cuid de na Ballstáit seo den limistéar euro faisnéis bhreise ar fáil freisin maidir le boinn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht, i gcás go bhfuil faisnéis den sórt sin ar fáil agus a measann na Ballstáit lena mbaineann sa limistéar euro a bheith riachtanach chun an t-iarratas ar fhormheas a fhíorú.

(3) Toisc go bhfuil ceart na mBallstát sa limistéar euro chun bonn euro a eisiúint faoi réir fhormheas an BCE maidir le líon na heisiúna, de réir Airteagal 3(1) de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43), ní fhéadfaidh Ballstáit an limistéir euro an líon arna fhormheas ag an BCE a shárú tráth ar bith le linn na bliana 2025 gan cead a fháil roimh ré ón BCE.

(4) Ós rud é nach gá aon mhodhnú a dhéanamh ar an líon eisiúintí bonn atá iarrtha, tugtar de chumhacht don Bhord Feidhmiúcháin, de bhun Airteagal 2(9) de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43) an Cinneadh seo a ghlacadh maidir leis na hiarrataí bliantúla ar fhormheas le haghaidh líon eisiúintí bonn in 2025 arna gcur isteach ag Ballstáit an limistéir euro,

TAR ÉÍS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Chinneadh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43).

([1]) IO L 328, 12.12.2015, lch. 123.

*Airteagal 2*

**Formheas de líon na mbonn euro atá le heisiúint in 2025**

Formheasann an BCE leis seo líon na mbonn euro atá le heisiúint ag Ballstáit an limistéir euro in 2025 amhail mar a leagtar amach sa tábla seo a leanas:

| | Líon na mbonn euro arna fhormheas lena n-eisiúint in 2025 | | |
|---|---|---|---|
| | Boinn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht | Boinn inbhailithe (nach bhfuil beartaithe lena gcur i gcúrsaíocht) | Líon eisiúintí bonn |
| | (EUR milliún) | (EUR milliún) | (EUR milliún) |
| An Bheilg | 30,00 | 0,30 | 30,30 |
| An Ghearmáin | 343,50 | 135,50 | 479,00 |
| An Eastóin | 11,20 | 0,34 | 11,54 |
| Éire | 30,78 | 0,50 | 31,28 |
| An Ghréig | 152,20 | 0,96 | 153,16 |
| An Spáinn | 294,94 | 40,00 | 334,94 |
| An Fhrainc | 276,47 | 60,00 | 336,47 |
| An Chróit | 71,92 | 0,45 | 72,37 |
| An Iodáil | 241,65 | 5,05 | 246,70 |
| An Chipir | 6,30 | 0,01 | 6,31 |
| An Laitvia | 5,90 | 0,20 | 6,10 |
| An Liotuáin | 12,00 | 0,63 | 12,63 |
| Lucsamburg | 13,00 | 0,40 | 13,40 |
| Málta | 8,20 | 11,50 | 19,70 |
| An Ísiltír | 24,00 | 1,00 | 25,00 |
| An Ostair | 114,21 | 175,51 | 289,72 |
| An Phortaingéil | 35,10 | 1,70 | 36,80 |
| An tSlóivéin | 22,00 | 1,00 | 23,00 |
| An tSlóvaic | 20,00 | 3,00 | 23,00 |
| An Fhionlainn | 10,00 | 5,00 | 15,00 |
| **Iomlán** | 1 723,37 | 443,05 | 2 166,42 |

*Airteagal 3*

**Teacht in éifeacht**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a thabharfar fógra do na seolaithe.

*Airteagal 4*

**Seolaithe**

Tá an Cinneadh seo dírithe ar na Ballstáit arb é an euro an t-airgeadra atá acu.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 26 Samhain 2024.

*Uachtarán BCE*
Christine LAGARDE